Na hUimhreacha Pearsanta: Cur i láthair

Treoracha agus moltaí

Seo gníomhaíocht a n-éiríonn go maith léi chun na huimhreacha pearsanta a chur i láthair don chéad uair. Moltar go mbeadh taifeadadh den amhrán 'Cúigear fear ag tógáil tí' ar fáil chun dul leis an ngníomhaíocht.

Treoracha

1. Seinn an t-amhrán ar dtús gan aon bhileog a scaipeadh.

2. Ansin scaip an bhileog agus iarr ar na foghlaimeoirí éisteacht arís leis an amhrán agus na bearnaí sa bhileog a líonadh an uair seo.

3. Nuair atá na bearnaí líonta acu cabhraigh leo an litriú a sheiceáil ag baint úsáide as an riail 'caol le caol agus leathan le leathan'. Tá roinnt gníomhaíochtaí ar an suíomh a bhaineann leis an riail seo.

Moltaí

- Moltar an ghníomhaíocht seo a leanúint le saorchleachtadh a chuireann na foghlaimeoirí ag labhairt faoin méid páistí atá acu.

- Is féidir an cheist 'Cé mhéad páiste atá agat?' a chur ar an gclár, grianghraif de theaghlaigh a scaipeadh ar na foghlaimeoirí, agus iarraidh orthu siúl timpeall an ranga ag cur na ceiste agus ag freagairt.

  Sampla:

  'Cé mhéad páiste atá agat?' 'Cúigear'.
  'Cé mhéad páiste atá agatsa?' 'Triúr'.
  (béim le cur ar an bpointe gur *Cé mhéad* ***páiste****?* Seachas *Cé mhéad* ***páistí****?* an leagan ceart! Agus béim le cur chomh maith ar an iarmhír threise – *Cé mhéad atá* ***agatsa?***).

Ag Tógáil Tí – Cé Mhéad Fear?

_____ **ag tógáil tí, ag tógáil tí – thit fear síos is lig sé scíth!**

_____ **ag tógáil tí, ag tógáil tí – thit fear síos is lig sé scíth!**

_____ **ag tógáil tí, ag tógáil tí – thit fear síos is lig sé scíth!**

_____ **ag tógáil tí, ag tógáil tí – thit fear síos is lig sé scíth!**

_____ **ag tógáil tí, ag tógáil tí – thit fear síos is lig sé scíth!**